Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9453/22**
**ADD 1**

**ENER 225**
**CLIMA 234**
**TRANS 320**
**IND 195**
**ENV 499**
**COMPET 394**
**CONSOM 133**
**RECH 300**
**ECOFIN 502**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 221 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis an Aontais um an Grianfhuinneamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 221 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 221 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2022
COM(2022) 221 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Straitéis an Aontais um an Grianfhuinneamh**

{SWD(2022) 148 final}

**Iarscríbhinn: Príomhghníomhaíochtaí chun Straitéis an Aontais um an Grianfhuinneamh Eorpaigh a chur chun feidhme**

**Tionscnaimh Shuaitheanta:**

- Tionscnamh an Aontais Eorpaigh um Dhíonta Gréine
- Pacáiste an Choimisiúin um cheadú – togra reachtach, Moladh agus treoraíocht
- comhpháirtíocht scileanna ar mhórscála de chuid an Aontais um fhuinneamh in-athnuaite ar talamh, lena n-áirítear grianfhuinneamh
- An Chomhghuaillíocht Eorpach um an Tionscal Fótavoltachais Gréine

**Gníomhaíochtaí eile:**

Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún:

- treoraíocht a fhorbairt do na Ballstáit chun cineálacha nuálacha d'imscaradh an ghrianfhuinnimh a chur chun cinn;
- cruthú pobail cleachtais atá tiomnaithe do sholáthar an ghrianfhuinnimh a mholadh faoi chuimsiú an tionscnaimh maidir le Ceannaitheoirí Poiblí Móra;
- glacadh na dteicneolaíochtaí Srutha Díreacha (DC) a chur chun cinn agus dul i mbun plé le heagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta um chaighdeánú maidir le réimsí feidhme DC;
- cur i bhfeidhm na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht agus an Rialacháin maidir le Lipéadú Fuinnimh maidir le córais fhótavoltacha a mholadh;
- tionscnamh reachtach lena gcuirfear cosc ar tháirgí a dhéantar le saothar éignithe a chur ar an Margadh Aonair a mholadh;
- Saoráid um Chomhphobail Fuinnimh a bhunú chun cistiú cascáide a sholáthar do thionscadail comhphobail fuinnimh san Aontas, faoi chlár LIFE;
- clár oibre comhpháirteach straitéiseach um thaighde agus nuálaíocht i ngrianfhuinneamh a fhorbairt leis na Ballstáit;
- tionscnamh suaitheanta taighde agus nuálaíochta um ghrianfhuinneamh a sheoladh faoi Fís Eorpach.

Ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- dreasachtaí le haghaidh agra-fótavoltachais a chomhtháthú, de réir mar is iomchuí, agus a bPleananna Straitéiseacha Náisiúnta maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta á ndearadh;

- suiteáil na ngaireas stórála fuinnimh a dhreasú chun córais fuinnimh in-athnuaite dáilte a chomhlánú;

- a áirithiú go soláthraítear leis na dreasachtaí maidir le teas in-athnuaite cothrom na Féinne le haghaidh na dteicneolaíochtaí éagsúla;

- chun tacú le comhphobail fuinnimh:

    - cláir a chur i bhfeidhm, ar cláir iad chun éifeachtúlacht fuinnimh chomhtháite agus comhairle agus treoraíocht maidir le suiteáil an ghrianfhuinnimh a sholáthar do phobail fuinnimh;

    - bacainní gan údar ar fhorbairt na gcomhphobal fuinnimh in-athnuaite agus saoránach a mheasúnú agus a bhaint;

- tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí i mbonneagar traschurtha agus i mbonneagar dáileacháin, idir bhonneagar trasteorann agus bhonneagar náisiúnta, is gá le haghaidh imscaradh mórscála an ghrianfhuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite eile, lena n-áirítear tionscadail eangaí cliste leictreachais, agus aire á tabhairt d'fhéidearthachtaí maidir le cistiú ón Aontas;

- Ba cheart do Ghníomhaireachtaí Rialála Náisiúnta meastóireacht a dhéanamh ar tharaifí leictreachais, i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

    - na costais iarbhír arna dtabhú agus san am céanna úsáid an ghréasáin i gcás féin-tomhaltais agus idirbhearta fuinnimh idir piaraí ar leibhéal na tógála nó ar an leibhéal áitiúil á gcur san áireamh;

    - neamh-idirdhealú a áirithiú idir táirgeadh atá nasctha ar leibhéal an dáileacháin agus táirgeadh atá nasctha ar leibhéal an tarchuir le haghaidh muirir insteallta, mar aon le neamh-idirdhealú stórála nó comhiomlánaithe fuinnimh;

    - an tairbhe a bhaineann le taraifí gréasáin dáileacháin arna n-idirdhealú ar bhonn ama chun buaiclóid agus plódú eangaí a bhainistiú.

Oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhar chun:

- athluchtú feithiclí leictreacha a éascú trí bhíthin rogha soláthróra aonair thar bhonneagar athluchtaithe éagsúil;

- cód greásáin a fhorbairt maidir le solúbthacht ó thaobh an éilimh de.